

POLICY ON GAELTACHT EDUCATION 2017 – 2022

POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

1. Seoladh an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Beidh Enda Kenny TD, an Taoiseach; Richard Bruton TD, an tAire Oideachais agus Scileanna; agus Sean Kyne TD, an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, i láthair ag seoladh an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* ón Roinn Oideachais agus Scileanna, a bheidh ar siúl i Scoil Náisiúnta Mhic Dara, an Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, Dé hAoine an 28 Deireadh Fómhair 2016 ag 12.00.

Gealltanas lárnach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* ón Aire Bruton, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair i mbliana, atá sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. Mórghné den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ón Rialtas is ea an Polasáí seo a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

2. Cad is aidhm don Pholasáí?

Is é atá sa Pholasáí an chéad straitéis chuimsitheach riamh don oideachas sa Ghaeltacht ó bhunú an Stáit i leith. Déantar na nithe seo leis an bPolasáí:

- Leagtar **fís don oideachas Gaeltachta** amach ina n-aithnítear an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne
- Féachtar le **tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus réamhscoileanna Gaeltachta**, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta
- Tugtar raon cuimsitheach gníomhartha idirnasctha chun a chinntiú go bhfuil **eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta** agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta
- Tugtar polasáí isteach trínar féidir le **scoileanna atá lonnaithe i limistéir phleanála Gaeltachta a roghnú go lorgóidh siad aitheantas mar scoil Ghaeltachta** – is é a bheidh

i scoil Ghaeltachta ná scoil a thiomnaíonn do na réimsí curaclaim agus na hábhair churaclaim uile a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus a oibríonn leis an bpobal sa phróiseas pleanála teanga Gaeltachta. Na scoileanna ar mian leo stádas mar scoil Ghaeltachta a bheith acu, beidh cúig bliana ar a mhéad acu chun an stádas sin a bhaint amach. Gheobhaidh na scoileanna sin rochtain ar phacáistí acmhainní breise teagaisc agus acmhainní breise eile ar bhonn céimnithe de réir mar a léiríonn siad go bhfuil siad ag déanamh dul chun cinn ar stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

- Féachtar le **hobair na scoileanna Gaeltachta a chur ar chomhréim leis an bpróiseas pleanála teanga** faoi Acht na Gaeltachta.

3. Fís don Oideachas Gaeltachta sa Pholasáí

Aithníonn an Polasaí don Oideachas Gaeltachta uathúlacht na Gaeltachta mar limistéar a bhfuil tábhacht shuntasach teangeolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíoch leis. Tugann an Polasaí ar aird go bhfuil an Ghaeilge an-leochaileach mar theanga theaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht ach aithníonn sé gur acmhainn í nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge. Athdhearbhaíonn an Polasaí tiomantas an Rialtais d'athghiniúint agus marthanacht na Gaeltachta mar eintiteas inmharthana le Gaeilge.

Aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta rithábhachtach.

Féachann an Polasaí le forbairt a dhéanamh ar na buntáistí agus na láidreachtaí teangeolaíochta atá ann sa Ghaeltacht i gcomhar le próisis pleanála teanga áitiúla. Féachann sé le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú trí raon de ghníomhartha agus tacaí spriocdhírithé sa Ghaeltacht.

4. Sprioc Uileghabhálach an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta

Is í sprioc uileghabhálach an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta* a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta. Go háirithe, féachann an Polasaí lena chinntiú go mbaineann líon suntasach de scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc do na réimsí foghlama uile (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i ngach ceann de na Limistéir Pleanála Teanga laistigh den Ghaeltacht (mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012). Is é a bheidh i gceist ansin:

- Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus réamhscoileanna Gaeltachta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta
- Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin sa chaoi is go bhfuil rochtain ag na scoláirí uile ar theagasc trí mheán na Gaeilge¹
- An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus i nascachtaí scoileanna le pobail Ghaeltachta trí aitheantas a thabhairt do Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fhéadfaidh a bheith ina n-eiseamláirí dea-chleachtais.

Beidh rath ar an bPolasaí má chinntíonn sé go bhfuil rochtain éasca ag na leanaí uile sa Ghaeltacht ar scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagasc do na hábhair uile, agus a thacaíonn le húsáid na Gaeilge ina bpobail.

5. Próiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Faoi láthair, táthar ag súil gur trí mheán na Gaeilge a theagascfaidh scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Tá an-éagsúlacht sa chleachtas sin ann, áfach. Faoi nPolasaí nua, tabharfar cuireadh do scoileanna **aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta**. Tá aithint na scoileanna Gaeltachta ar an mbealach sin ag teacht leis an taighde idirnáisiúnta ina léirítear an tábhacht a bhaineann le scoileanna a shainiú mar scoileanna a chuireann oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge ar fáil.

Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i gcomhréir le critéir theangabhunaithe. Déanfaidh na scoileanna sin:

- clár luath-thumtha dhá bhliain a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán sna bunscoileanna Gaeltachta uile, nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- leathnú a dhéanamh ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht trí ghluaiseacht i dtreo cur chuige lántumtha ina múinfear na hábhair uile, seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile, trí Ghaeilge
- aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge

¹ Faoi láthair, tuairiscíonn 78% de bhunscoileanna agus 68% d'iar-bhunscoileanna i limistéir Ghaeltachta go bhfeidhmíonn siad go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá a fhios freisin go bhfaigheann 46% de na suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a fhaigheann maoiniú poiblí trí mheán na Gaeilge.

- comhdheiseanna a sholáthar dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta iargúlta trí chlár ar líne agus foghlama cumaisc
- tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.
- páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga, mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012

Beidh scoileanna ábalta an t-aitheantas seo a bhaint amach trí phróiseas céimneach, incriminteach thar thréimhse cúig bliana.

Déanfaidh scoileanna a gheallann go mbeidh siad ina Scoileanna Gaeltachta, trína bpróisis féinmheastóireachta, Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach agus an chaoi ina dtógfaidh sí nascachtaí lena pobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú.

Maidir le scoileanna a gceadaítear a n-iarratais chun páirt a ghlacadh sa phróiseas aitheantais Scoileanna Gaeltachta, deonófar acmhainní teagaisc agus/nó acmhainní eile breise orthu, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) thiomnaithe, ar bhonn céimneach, nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas aitheantais, agus de réir mar a bhaintear amach gach céim de go rathúil. Áireoidh na tacaí a bheidh ar fáil do scoileanna aonair atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta, nó atá ag glacadh páirt sa Phróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

- rochtain ar fhoireann teagaisc bhreise ar mhaithe le tacaíocht teanga, lena n-áirítear tacaíocht idirdhealaithe chun cuidiú le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais
- an deis chun tairbhe a bhaint as acmhainní teagaisc breise trí chéimithe nuacháilithe ó chlár oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) trí mheán na Gaeilge a chur ar socrúchán ar bhonn ex quota i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta
- maoiniú breise do scoileanna chun tacú leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus an próiseas aitheantais scoileanna Gaeltachta a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal scoile i gcomhréir le critéir ar leith (amhail méid na scoile, leithdháileadh foirne reatha, próifíl agus riachtanais teanga na scoile, comhthéacs socheacnamaíochta, codán na foirne a bhfuil cáilíochtaí bainte amach acu a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, agus leibhéil an dul chun cinn agus an tiomantais don Ghaeilge)
- rochtain ar dheiseanna forbartha gairmiúla tiomnaithe, á maoirsiú ag COGG, do mhúinteoirí, príomhoidí agus cúntóirí teanga chun cumas a fhorbairt agus chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

6. Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais

Beidh deis ag scoileanna Gaeltachta aitheanta freisin obair chun bheith ina Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le clár ghradam reatha agus nua. Beidh na scoileanna seo fíor-nuálaíoch sna bealaí ina gcuireann siad

oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge ar fáil agus sna bealaí ina nascfaidh siad lena bpobail áitiúla. Is príomhchuspóir a bheidh ann le scoileanna dá leithéid a aithint ná cleachtais nuálaíocha a aithint agus féachaint lena ndáileadh ar scoileanna eile. Beidh deiseanna ag na scoileanna seo a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus féadfaidh siad a bheith páirteach i gclár oiliúna múinteoirí nó tacaíochta príomhoidí a sholáthar.

7. Gníomhartha chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí

Aithníonn an Polasaí go bhfuil gá le raon speisialta agus sonrach de thacaí chun forbairt a dhéanamh ar chumas na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta Gaeltachta a chinntiú go mbaintear amach an fhís fhoriomlán chun oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht.

Leagtar amach na tacaí seo faoi na seacht gcolún den *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*, agus tugtar cur síos ar na sonraí i gCaibidil a Cúig den doiciméad.

Is iad seo a leanas na seacht gcolún de thacaíocht thiomnaithe sa Pholasaí:

(1) Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú, lena n-áirítear

- A chinntiú go mbíonn oideachas ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do scoláirí i ngach ceann de na limistéir pleanála teanga Gaeltachta trí bhunscoileanna aitheanta Gaeltachta agus trí iar-bhunscoileanna aitheanta Gaeltachta (nó trí shamhail ríomhscoile) faoi 2022
- Maoiniú breise a sholáthar do scoileanna Gaeltachta chun tacú le rolladh amach agus cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta tríd an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag leibhéal na scoile i gcomhréir le critéir ar leith
- Fiosrú ar an bhféidearthacht leis an iliomad scoileanna beaga sa Ghaeltacht a athchumrú
- Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le molscoil nó ríomhscoil a bhunú le seomraí ranga fíorúla mar rogha chun leathnú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí in iar-bhunscoileanna beaga
- Beartha a chur chun feidhme chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú sna 3 aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá ceangailte le iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, más indéanta

(2) Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus réamhscoileanna Gaeltachta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta

- A chinntiú go dtacaíonn na socrúithe d'ath-implonú múinteoirí le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht
- Méadú ar dheiseanna chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge

- Leathnú ar sholáthar na múinteoirí nuacháilithe don oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile
- Fiosrú ar an bhféidearthacht chun measúnú ar inniúlacht na múinteoirí faoi oiliúint a nascadh leis an TEG
- Deiseanna tiomnaithe FGL a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta
- Leathnú ar dheiseanna do mhúinteoirí gabháil don staidéar agus taighde iarchéime ar thumoideachas agus oideachas agus oideolaíocht teanga trí mheán na Gaeilge d'fhoghlaimoirí Gaeilge mar chéad teanga agus dara teanga
- Leathnú ar dheiseanna do líonrú agus comhroinnt chleachtas

(3) Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt, lena n-áirítear

- Deiseanna tiomnaithe d'ionduchtú agus d'fhorbairt ghairmiúil ardchaighdeán a sholáthar do phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta
- Leathnú ar dheiseanna do phríomhoidí gabháil do thaighde iarchéime ar cheannaireacht agus bainistíocht, go háirithe i dtaca le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus tumoideachas sa chomhthéacs scoile Gaeltachta
- Leathnú ar dheiseanna do líonrú agus comhroinnt chleachtas
- Tacú le boird bhainistíochta ina ról sa bhainistíocht agus rialachas, go háirithe i dtaca le héiteas agus pleanáil teanga
- Soiléiriú ar ról na bpátrún scoile i dtaca leis an éiteas teanga a chosaint i scoileanna Gaeltachta atá faoina scáth

(4) Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge, lena n-áirítear

- A chinntiú go sásaíonn ábhar na gcuraclam Gaeilge riachtanais na ndaltaí/scoláirí i scoileanna Gaeltachta, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge
- Bearta a thabhairt isteach a thabharfaidh spreagadh do scoláirí i scoileanna Gaeltachta gabháil don sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach

(5) Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga, lena n-áirítear

- Feabhas a chur ar sholáthar acmhainní agus tacaí teanga chun cuidiú le pleanáil scoile uile, teagasc, foghlaim agus measúnú i gcomhthéacsanna príomhshrutha agus riachtanas speisialta oideachais araon
- Bearta a thabhairt isteach chun tacú le forbairt teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus na bhfoghlaimoirí Gaeilge
- Méadú ar an bhfeasacht i measc na foirne gairmiúla agus paraghairmiúla maidir leis an litríocht a thacaíonn le buntáistí intleachtúla, labhartha agus gairme an dátheangachais agus, go háirithe, maidir le riachtanais dhátheangacha ar leith na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhthéacsanna Gaeltachta

- Feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta scoile trí Ghaeilge

(6) Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú (aithnítear sa Pholasaí gur ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, ar Údarás na Gaeltachta agus ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá an phríomhfhreagracht as gníomhartha a bhaineann leis an oideachas sna luathbhlianta):

- Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus bunscoileanna maidir le naisc a fhorbairt idir na naíonraí agus an bhunscoil le heiseamláirí den dea-chleachtas a chur san áireamh
- Maoiniú agus acmhainní foirne breise a chur ar fáil chun tacú leo seo a leanas:
 - naíonraí atá ann cheana féin le feabhas a chur ar a soláthar
 - suíomhanna oideachais eile sna luathbhlianta ar mhian leo a seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge
 - naíonraí nua sa Ghaeltacht a bhunú áit a bhfuil éileamh ann dóibh
 - líon na naíonraí a fheidhmíonn trí Ghaeilge faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta a mhéadú faoi 14% de réir a chéile ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2022
- Deiseanna a aithint agus a sheachadadh chun tacú le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí i suíomhanna oideachais sna luathbhlianta trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta e.g. Clár Leibhéal 6/7 a fhorbairt ar oideachas trí mheán na Gaeilge agus Gaeltachta sna luathbhlianta do na cleachtóirí luathbhlianta
- Feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí cigireachta trí Ghaeilge sna naíonraí

(7) Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo, lena n-áirítear

- Feasacht a mhéadú maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta
- An dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le naisc dhearfacha idir scoileanna agus pobail a chothú
- Soiléiriú a dhéanamh ar an ról a bheidh ag cúrsaí oideachais agus scoileanna le cur leis an bpróiseas pleanála teanga atá ar siúl faoi Acht na Gaeltachta agus na struchtúir a dhéanfaidh a leithéid rannpháirtíochta a éascú
- Tacú le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht tuismitheoirí

8. Struchtúir thiomnaithe

Samhlaítear sa Pholasaí go gcuirfear Aonad Gaeltachta tiomnaithe nua ar bun sa Roinn chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí agus chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chinntiú do dhaoine óga sa Ghaeltacht. Gheobhaidh an tAonad Gaeltachta tacaíocht ó Chigireacht na Roinne, a thacóidh leis na scoileanna freisin. Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht ar thionchar an Pholasaí agus tabharfaidh sí tuairisc ar an tionchar sin. Agus í ag tacú leis na scoileanna, oibreoidh an Chigireacht go dlúth leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus

Gaelscolaíochta (COGG) agus leis na seirbhísí tacaíochta scoile agus ceannaireachta a bheidh ag obair i gcomhar le COGG.

Déanfaidh an Roinn acmhainní breise a leithdháileadh freisin ar COGG chun acmhainní foghlama ardchaighdeán a fhorbairt agus chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha ar leith laistigh den Pholasaí a chuideoidh le tuilleadh forbartha ar an oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge agus teagasc na Gaeilge, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go mbíonn d'acmhainn ag scoileanna freastal ar riachtanais a múinteoirí agus a scoláirí freisin.

Déanfaidh an Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) comhoibriú ar an meastóireacht fhoriomlán ar thionchar an Polasaí don Oideachas Gaeltachta.

9. Maoiniú

Tosófar ar an bpolasaí a chur i bhfeidhm de réir a chéile ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith. Beidh thart ar €1 milliún ag teastáil chun an obair sin a mhaoiniú sa bhliain 2017. Soláthraíodh don tsuim sin i mBuiséad 2017.

10. An taighde lenar cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an Doiciméid Pholasaí

Úsáideadh raon leathan taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, lenar áiríodh an t-eispéireas i dtíortha agus réigiúin eile ar theangacha neamhfhorleathana. Coimisiúnaíodh acadóirí an taighde sin a chur le chéile mar chuid d'ullmhú an Pholasaí. Bonn eolais eile faoin bPolasaí ba ea an taighde a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna i bhfoirm roinnt cás-staidéar ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i roinnt limistéar Gaeltachta. Foilsíodh an taighde sin ar fad i gceithre staidéar taighde atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.²

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhtheachtaireachtaí a tháinig chun cinn sa taighde:

- Cé go n-imríonn scoileanna Gaeltachta ról an-tábhachtach maidir le tacú leis an nGaeilge i limistéir Ghaeltachta, bíonn cuid mhór dúshlán ag cur bac ar an gcumas atá acu eispéireas oideachais ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do leanaí a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile acu agus do leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag iarraidh go bhfaighidh siad oideachas trí mheán na Gaeilge
- Is gá do scoileanna i limistéir Ghaeltachta oideachas a chur ar fáil do dhaltaí a thagann ó raon leathan cúlraí teanga – daltaí a tógadh trí Ghaeilge, daltaí a tógadh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon, daltaí a tógadh trí Bhéarla, agus daltaí nach bhfuil Gaeilge ná Béarla mar mháthairtheanga acu. Toisc go bhfuil an scoil Ghaeltachta ar an aon scoil

² Féach an liosta iomlán den taighde foilsithe ag deireadh an nóta seo.

sa cheantar áitiúil i bhformhór na gcásanna, is gá do na scoileanna freastal ar gach ceann de na grúpaí sin. Leagann an méid sin dúshlán suntasach eile ar mhúinteoirí agus ar scoileanna

- Leanann úsáid an Bhéarla de bheith ag méadú i limistéir Ghaeltachta. Dá bhrí sin, is mionlach laistigh de scoileanna Gaeltachta iad leanaí a tógadh trí Ghaeilge anois. Is amhlaidh go mbíonn éilimh éagsúla ann i measc tuismitheoirí maidir leis an teanga teagaisc freisin. Mar thoradh air sin, cuirtear isteach ar an gcumas atá ag scoileanna áirithe Gaeltachta freastal go leordhóthanach ar riachtanais foghlama na leanaí atá á dtógáil trí mheán na Gaeilge
- Bíonn deacracht ag a lán scoileanna i limistéir Ghaeltachta múinteoirí a earcú a bhfuil cumas acu an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge.
- Tuairiscíonn 78% de bhunscoileanna agus 68% d'iar-bhunscoileanna atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta go n-oibríonn siad go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá fianaise starógach ann, áfach, go bhfuil siad ag déanamh áibhéil faoin bhfáil atá ar lánoideachas trí mheán na Gaeilge.
- Is eol dúinn gur trí mheán na Gaeilge a oibríonn níos lú ná leath (46%) na suíomhanna oideachais sna luathbhlianta a fhaigheann maoiniú poiblí agus atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta. Bíonn impleachtaí suntasacha aige sin do na scoileanna teanga atá ag leanaí óga agus iad ag dul isteach sa bhunscoil.³
- I gcásanna inarb ann do na cúinsí cearta, léirítear san fhianaise ó na cás-staidéir ar scoileanna Gaeltachta gur féidir leis na scoileanna oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus gur féidir leo ról suntasach a imirt maidir le méadú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa phobal ar a bhfreastalaíonn an scoil. Tá siad seo a leanas i measc na dtosca is tábhachtaí ina leith sin:
 - ceannaireacht sciliúil thiomanta ó cheannairí scoile a aithníonn an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus úsáid na Gaeilge a neartú sa scoil agus sa phobal mór
 - teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar sa scoil
 - baint ghníomhach a bheith ag tuismitheoirí le hobair na scoile; agus
 - tacaíocht láidir ón bpobal áitiúil.
- Fiú amháin i gceantair inar tháinig meath ar cháilíocht an oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil agus ar úsáid na Gaeilge sa phobal, taispeánadh sna cás-staidéir go bhféadfadh ceannaireacht bhríomhar sa scoil agus tiomantas láidir ón bpobal áitiúil an meath sin a aisiompú.

³ Is iad Údarás na Gaeltachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá freagrach as an soláthar oideachais sna luathbhlianta a fhorbairt agus a mhaoiniú i limistéir Ghaeltachta. Níl baint dhíreach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an soláthar sin.

- Bunaithe ar fhianaise ó thíortha agus dlínsí inar úsáideadh bearta oideachais chun tacú le mionteangacha a choinneáil ar bun mar theangacha coiteanna, is amhlaidh go bhfuil raon beart agus riachtanas comhtháite ag teastáil chun rath a bhaint amach. Is é seo a leanas sampla de na bearta sin:
 - Cé nach féidir le scolaíocht trí mheán na mionteanga úsáid na mionteanga a áirithiú léi féin, is féidir léi ról suntasach a imirt maidir leis an teanga a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin
 - Toisc ríthábhachtach maidir lena rathúla a bhíonn an t-oideachas trí mheán na mionteanga is ea stádas agus leibhéal úsáide na teanga laistigh den phobal ar a bhfreastalaíonn an scoil
 - Is gá muinín a bheith ag tuismitheoirí a chónaíonn i bpobail mhionteanga nach gcuirfear isteach ar cháilíocht oideachas a linbh má fhaigheann sé/sí scolaíocht tríd an mionteanga lena mbaineann
 - Bítear in ann torthaí éifeachtacha a bhaint amach nuair a ainmnítear scoileanna áirithe mar scoileanna a oibrítear go heisiach tríd an mionteanga. Cuireann an méid sin ar chumas na scoileanna sin eispéiris shaibhre foghlama a chur ar fáil sa sprioctheanga, lena n-áirítear an tumoideachas a úsáid sna luathchéimeanna den oideachas. Fuarthas amach i gcórais eile go bhféadfadh raon tacaí agus dreasachtaí tiomnaithe bheith éifeachtach maidir le spreagadh a thabhairt do scoileanna oibríú ar an mbealach sin agus an t-oideachas tríd an mionteanga a choinneáil ar bun agus a fheabhsú
 - Tá tábhacht ag baint le cláir speisialta um oideachas múinteoirí agus um cheannaireacht scoile lena gcumasaítear do mhúinteoirí agus do phríomhoidí daltaí a bhfuil cúlraí an-éagsúil teanga acu nuair a thosaíonn siad ar an oideachas a thuiscint agus a theagasc
 - Curaclaim a sholáthar atá oiriúnach do na riachtanais atá ag úsáideoirí L1 agus ag foghlaimoirí na sprioctheanga; agus dreasachtaí a úsáid chun spreagadh a thabhairt do scoileanna oideachas tríd an sprioctheanga a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Is ar na fionnachtana sin atá na bearta sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta bunaithe: beartaítear iontu go n-aithneofar scoileanna mar scoileanna Gaeltachta; leagtar béim iontu ar a thábhachtaí atá sé go gcuireann scoileanna oideachas ar an gcaighdeán is airde trí mheán na Gaeilge ar fáil dá ndaltaí; agus léiríonn an raon tacaí a chuirfear ar fáil do scoileanna Gaeltachta faoin bPolasáí na ceachtanna atá curtha i láthair i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta.

11. An comhairliúchán lenar cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an Doiciméid Pholasáí

Foinse eile eolais nuair a bhí an Polasáí don Oideachas Gaeltachta á fhorbairt ba ea comhairliúchán fairsing le raon geallsealbhóirí oideachais agus Gaeilge ar leibhéal náisiúnta agus laistigh de phobail Ghaeltachta araon.

Rinneadh dréachtpholasaí dar teideal *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta* a fhoilsiú i mí na Bealtaine 2015 agus tugadh faoi phróiseas mionsonraithe comhairliúcháin. I measc na n-imeachtaí comhairliúcháin a reáchtáladh, bhí cruinnithe i limistéir Ghaeltachta i gCiarraí, i nGaillimh agus i nDún na nGall, roinnt fócasghrúpaí a eagraíodh le príomh-gheallsealbhóirí, agus Fóram a cuireadh ar siúl sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mBaile Átha Cliath. Ba mhór ag na scoileanna Ghaeltachta agus ag na pobail Ghaeltachta an iomad deiseanna a tugadh dóibh dul i dteagmháil le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna le linn an phróisis chomhairliúcháin. Chomh maith leis sin, chuir siad fáilte roimh an tús áite atá á thabhairt ag an Roinn don soláthar oideachais sa Ghaeltacht mar chuid dá tiomantas don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Bhí na moltaí polasaí ina mórfhoinsé plé i bpobail Ghaeltachta agus i measc na meán Gaeilge.

Chuaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i ndlúthchomhairle le comhlachtaí agus geallsealbhóirí náisiúnta freisin. D'oibrigh an Roinn go dlúth le hoifigigh ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Ghaeltachta le linn an phróisis chomhairliúcháin agus le linn an Polasaí a dhréachtú. Rinne an Coiste Idir-rannach um Chur i bhFeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, a bhfuil Údarás na Ghaeltachta, Foras na Gaeilge agus an Chomhairle um Oideachas Ghaeltachta agus Gaelscolaíochta mar chomhaltaí de, breithniú ar na dréachtmholtaí. Fuarthas aighneachtaí ó oifigigh de chuid comhlachtaí éagsúla a n-urraíonn an stát iad, ó oifigigh de chuid comhlachtaí éagsúla neamhrialtasacha agus ó roinnt daoine aonair (níos mó ná 550 duine san iomlán), agus chuathas i mbun plé leo freisin.

Is é is aidhm don Pholasaí seo comhlánú a dhéanamh ar an obair atá ar siúl ar limistéir Ghaeltachta a shainmhíniú de réir na bpróiseas pleanála teanga faoi Acht na Ghaeltachta, 2012. Is iad an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Ghaeltachta agus Údarás na Ghaeltachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na próisis phleanála teanga atá á seoladh ag pobail i Limistéir aonair Phleanála Teanga Ghaeltachta agus as tacaíocht a thabhairt do na próisis sin. De réir na moltaí, cuid dhílis de na próisis sin is ea scoileanna a aithint mar scoileanna Ghaeltachta.

12. Taighde arna fhoilsiú mar chuid d'fhorbairt an Pholasaí don Oideachas Ghaeltachta

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta*.

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (2015). *Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais i Scoileanna Ghaeltachta: Cás-Staidéir Bunscoile agus Iarbhunscoile*.

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (2015). *Athbhreithniú ar Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar Litríocht Náisiúnta.*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta.*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Soláthar Scoile i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta - Soláthar Reatha agus Éilimh Amach Anseo.*
